ROINN CUMARSÁIDE, FUINNIMH AGUS ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

IMEACHTAÍ SPÓIRT AGUS TÁBHACHT POIBLÍ LEO

Glao ar Aighneachtaí

Comhairliúchán ar liosta na n-imeachtaí a ainmnítear mar "imeachtaí a bhfuil tábhacht mhór leo don tsochaí" ar chóir do chraoltóirí cáilithe iad a chraoladh ar sheirbhís teilifíse saor in aisce.

Foráiltear le hAlt 173 den Acht Craolacháin 2009 nach mór athbhreithniú a dhéanamh gach trí bliana. Tá liosta reatha na n-imeachtaí a ainmnítear ar fáil ar www.dcenr.gov.ie .

Beartaítear na himeachtaí seo a leanas a chur le liosta reatha na n-imeachtaí a ainmnítear:-

CLUICHÍ GAELACHA
Cluichí Ceannais na gCúigí sna Craobhacha Sinsearacha Peile agus Iomaíochta
Cluichí Ceathrú Ceannais agus Leathcheannais i gCraobhacha Sinsearacha Peile agus Iománaíochta na hÉireann.
RUGBAÍ
Cluichí na hÉireann i gCraobh Rugbaí na Sé Náisiún (ar bhonn craoladh beo seachas craoladh iarchurtha)
Corn Rugbaí na hEorpa (cluichí cáilithe, céimeanna réamh-cheathrú ceannais, cluichí ceathrú ceannnais, leathcheannais agus ceannais, agus foireann na hÉireann páirteach iontu) craoladh beo
RÁSAÍOCHT AN GCAPALL
Féile Cheltenham

Iarrtar aighneachtaí ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara. Is é an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí an 4ú Meitheamh 2010 ar 17.30 uaire. Féadtar Aighneacht a sheoladh mar a leanas:

- Go leictreonach chuig: www.dcenr.gov.ie/forum
- Le r-phost chuig: broadcast@dcenr.gov.ie
- Tríd an bpost chuig:
  Craoladh na Mórócáidí,
  An Rannán um Bheartas Craolacháin,
  An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha,
  29-31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2.

Tá beartaithe ag an Roinn na haighneachtaí go léir a fhaightear a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin aici. Ag freagairt duit don chuireadh seo ba chóir aon ábhar ar ábhar faoi rún é agus nár chóir é a fhoilsiú a léiriú go beacht. Beidh feidhm ag forálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 leis an cás.

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha www.dcenr.gov.ie

Teil: +353 1 678 2000; LoCall: 1890 44 99 00